Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Meitheamh 2025
(OR. en)

9236/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0034(NLE)**

RECH 236
COMPET 402

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Moladh ón gComhairle maidir le Clár Oibre Beartais an Limistéir Eorpaigh Taighde 2025-2027 |

**MOLADH ÓN GCOMHAIRLE MAIDIR LE CLÁR OIBRE BEARTAIS AN LIMISTÉIR EORPAIGH TAIGHDE 2025-2027**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de, i gcomhar le hAirteagal 182(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa lá atá inniu ann, tá dúshláin iomadúla nach bhfacthas a leithéid riamh cheana roimh an Aontas. Tá an t-ord domhanda ag athrú agus tá bonn ár bhfolláine sochaíche agus ár slándála á chroitheadh i bhfianaise comhthéacs geopholaitiúil suaite, iomaíocht eacnamaíoch atá ag dul i méid, réabhlóid theicneolaíoch thapa chlaochlaitheach gan fasach, agus an athraithe aeráide agus na n-iarmhairtí a bhaineann leis. Tá taighde agus nuálaíocht (T&N) ríthábhachtach chun leochaileachtaí na hEorpa a laghdú agus chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na hEorpa ar fud an Limistéir Eorpaigh Taighde (LET) chomh maith le ról ríthábhachtach a imirt maidir le hiomaíochas inbhuanaithe, athléimneacht shochaíoch, rathúnas agus slándáil an Aontais Eorpaigh a fheabhsú. Tá géarghá anois le ceannaireacht agus neamhspleáchas straitéiseach na hEorpa a neartú i bpríomhréimsí teicneolaíochta, agus geilleagar oscailte á chaomhnú san am céanna.

(2) Tá forbairt LET i gcroílár ár n-iarrachtaí freagairt ar na dúshláin sin. Is in 2000 a ceapadh an uaillmhian LET a chruthú mar mhargadh aonair don taighde, don teicneolaíocht agus don nuálaíocht agus cumhdaíodh í i gConradh Liospóin mar chuspóir sonrach de chuid an Aontais faoi Airteagal 179 CFAE. Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ó 2022 faoin gcéad chlár oibre beartais de LET, is gá tuilleadh a dhéanamh chun LET lánfheidhmiúil a fhorbairt a thuilleadh ina dtiocfaidh tíortha le chéile chun a mbeartais agus a n-éiceachórais náisiúnta T&N a chomhordú agus a fheabhsú, agus inar féidir le heolas, taighdeoirí, nuálaithe agus teicneolaíocht gluaiseacht gan bhac. Is féidir le comhordú níos fearr ar fud an Aontais trí LET cuidiú le hinfheistíochtaí agus athchóirithe a spreagadh, rannchuidiú leis an deighilt nuálaíochta le hiomaitheoirí domhanda an Aontais agus san Aontas féin a dhúnadh, chomh maith le ról ríthábhachtach a imirt maidir le hiomaíochas inbhuanaithe a chothú.

(3) Tá clár oibre beartais LET ríthábhachtach chun tosaíochtaí LET a chur chun feidhme, mar a leagtar amach sa Chomhshocrú T&N san Eoraip. Tá sé mar bhonn agus mar thaca faoi iarrachtaí comhpháirteacha an Choimisiúin Eorpaigh, na mBallstát, agus, i gcás inarb iomchuí, na dtíortha comhlachaithe agus na bpáirtithe leasmhara, chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar bheartais T&N ar gach leibhéal. Cothaíonn sé an bhraistint úinéireachta atá acu agus gealltanais mhéadaithe agus rannchuidíonn sé leis an obair ar choincheap na ‘cúigiú saoirse’ – an Margadh Aonair do T&N. Is é is aidhm do chlár oibre beartais LET an méid seo a leanas a dhéanamh sa timthriall 3 bliana seo romhainn (2025-2027):

- rannchuidiú le hiomaíochas an Aontais a fheabhsú agus uathriail straitéiseach an Aontais a áirithiú, agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna, trí infheistíochtaí agus athchóirithe tiomnaithe in T&N a chomhordú agus, i gcás inárb iomchuí, trí acmhainní a chomhthiomsú ar an leibhéal náisiúnta agus, i gcás inarb infheidhme, ar an leibhéal réigiúnach, agus ar leibhéal an Aontais atá ar fáil sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil reatha (2021-2027);

- barr feabhais agus tionchar T&N an Aontais, a cheannaireacht eolaíoch dhomhanda agus a tharraingteacht do thallann dhomhanda a neartú trí chonairí gairme taighde a chuíchóiriú, soghluaisteacht taighdeoirí agus comhroinnt eolais ar fud na hEorpa a éascú, agus rochtain ar bhonneagair cheannródaíocha a chur chun cinn; agus

- feabhas a chur ar fhorbairt inbhuanaithe agus tionchar sochaíoch an Aontais trí iarrachtaí T&N sa chlaochlú tionsclaíoch a chomhordú, trí shineirgí a fhorbairt le beartais eile agus trí gheilleagar níos ciorclaí agus níos athléimní a chur chun cinn.

(4) Tá éachtaí móra bainte amach ag LET le 25 bliana anuas i bpríomhréimsí beartais, lena n-áirítear bonneagair taighde, eolaíocht oscailte, comhar idirnáisiúnta, comhionannas agus cuimsitheacht inscne in T&N, clársceidealú comhpháirteach, gairmeacha taighde agus soghluaisteacht taighdeoirí. Chun rannchuidiú leis an méid sin, chistigh tionscnaimh ar nós ghníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie os cionn 150,000 taighdeoir den scoth, go háirithe trí chláir dhochtúireachta den scoth, comhaltachtaí iardhochtúireachta agus malartuithe foirne T&N, thacaigh EURAXESS le breis agus 2 mhilliún taighdeoir ina bhforbairt ghairme agus ina soghluaisteacht ar fud na hEorpa agus soláthraíonn an Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte (NEEO) rochtain rianúil ar shonraí agus ar sheirbhísí digiteacha ardcháilíochta agus tacaíocht á tabhairt ag an am céanna don chomhar thar theorainneacha agus thar dhisciplíní.

(5) In 2021, tháinig na Ballstáit agus an Coimisiún ar chomhaontú maidir le fís agus creat beartais nua do LET, a leagtar amach sa Chomhshocrú T&N[1] agus sna conclúidí ón gComhairle maidir leis an rialachas a dhéanfar ar LET amach anseo[2]. Leagtar amach san fhís fhadtéarmach na luachanna agus na prionsabail chomhchoiteanna a bheidh ina dtreoir do T&N agus sainaithnítear tosaíochtaí le haghaidh gníomhaíocht chomhpháirteach. Sa Chomhshocrú, d’athdhearbhaigh na Ballstáit a ngealltanas oibriú le chéile chun cuspóirí LET a bhaint amach chun comhtháthú agus comhar a gcuid beartas T&N a chothú agus ilroinnt a laghdú ar fud na hEorpa sa taighde eolaíoch, sa teicneolaíocht agus sa nuálaíocht. I gconclúidí 2024 ón gComhairle maidir le hiomaíochas an Aontais a neartú, an Limistéar Eorpach Taighde a threisiú agus ilroinnt an limistéir sin a shárú[3], chuir na Ballstáit i bhfios go láidir freisin go bhfuil sé ríthábhachtach leanúint d’éiceachórais T&N a thógáil agus a threisiú, agus d’athdhearbhaigh siad an gá atá le comhordú agus ailíniú níos fearr idir pleanáil agus cur chun feidhme bheartais an Aontais agus beartais náisiúnta.

[1] Moladh (AE) 2021/2122 ón gComhairle an 26 Samhain 2021 maidir leis an gComhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht san Eoraip, IO L 431, 2.12.2021, lgh. 1–9.
[2] 14308/21.
[3] 16179/24.

(6) Leis an gcéad chlár oibre beartais de LET (2022-2024), cruthaíodh bonn láidir chun cuspóirí LET a bhaint amach. Leis sin, rinneadh sraith gníomhaíochtaí nithiúla de réimsí tosaíochta Chomhshocrú T&N. Rinne an Coimisiún, na Ballstáit, tíortha comhlachaithe Fís Eorpach agus páirtithe leasmhara ar leibhéal an Aontais 17 ngníomhaíocht a chur chun feidhme go comhpháirteach. Mar chuid den rialachas nua, tá ról tábhachtach ag Fóram LET agus a fhoghrúpaí maidir le cur chun feidhme LET agus a ghníomhaíochtaí. Cuireann siad creat éifeachtúil ar fáil le haghaidh comhar idir an Coimisiún, na Ballstáit, tíortha comhlachaithe agus páirtithe leasmhara ábhartha i gcur chuige cuimsitheach rannpháirteach. Cothaíonn sin straitéisí nuálacha agus comhúinéireacht beartas chun éiceachóras T&N na hEorpa a neartú. Ina cháil mar chomhchoiste comhairleach ardleibhéil um beartas straitéiseach, cuireann an an Coiste um an Limistéar Eorpach Taighde agus um Nuálaíocht (CLETN)[4] comhairle luath ar fáil don Chomhairle, don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir le saincheisteanna beartais straitéiseacha T&N, lena n-áirítear maidir leis na treoshuíomhanna straitéiseacha beartais agus treochtaí a bheidh ann amach anseo lena n-éilítear beartais T&N an Aontais agus beartais náisiúnta, lena n-áirítear beartais réigiúnacha, a mhionchoigeartú, lena n-áirítear maidir le Clár Réime T&N reatha an Aontais agus maidir leis an gcéad cheann eile agus maidir le tionscnaimh ábhartha eile de chuid an Aontais atá faoi thionchar T&N.

[4] Cinneadh (AE) 2021/2241 ón gComhairle an 13 Nollaig 2021 maidir le comhdhéanamh agus sainordú an Choiste um an Limistéar Eorpach Taighde agus um Nuálaíocht (CLETN), IO L 450, 16.12.2021, lgh. 143–147.

(7) Chuir an Coimisiún i dtábhacht a bhfuil bainte amach ag clár oibre beartais LET 2022-2024 agus an rialachas nua i dTeachtaireacht 2024 dar teideal 'Cur chun feidhme an Limistéir Eorpaigh Taighde'[5]. Áirítear ar na héachtaí a baineadh amach maidir le haghaidh a thabhairt ar réimse riachtanas T&N ar fud na hEorpa faoin gcéad chlár oibre beartais de LET (2022-2024), mar shampla, (1) an Chomhghuaillíocht um Measúnú Taighde a Chur Chun Cinn a chruthú, (2) an 'Cód iompair neamhfhulaingthe maidir le gníomhú in aghaidh foréigean inscnebhunaithe i gcóras taighde agus nuálaíochta an Aontais' a fhoilsiú, (3) an chéad Idirphlé Iltaobhach maidir le prionsabail agus luachanna le haghaidh comhar idirnáisiúnta in T&N a dhéanamh go rathúil agus ráiteas aireachta a ghlacadh, (4) an creat Eorpach a chruthú chun tallann taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip agus an Fhaireachlann um Ghairmeacha Taighde agus Nuálaíochta a sheoladh (5) lena spreagfar an claochlú fuinnimh ghlais trí Chlár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht de chuid scéim phíolótach LET maidir le hidrigin ghlas a chur chun feidhme, (6) an tábhacht a bhaineann le cumais bainistithe taighde a threisiú agus a aithint, agus (7) creat nua faireacháin agus meastóireachta LET a cheapadh.

---

[5] COM(2024) 490.

(8) Tá an dara clár oibre beartais de LET (2025-2027) bunaithe ar an gcur chuige sin agus tá sé ceaptha chun cuidiú leis na córais náisiúnta T&N a threisiú agus na dúshláin chasta dhomhanda atá roimh an Eoraip a ghleic. Agus úsáid á baint as na réimsí tosaíochta Chomhshocrú T&N le haghaidh gníomhaíocht chomhpháirteach agus torthaí cur chun feidhme an chéad chlár oibre beartais LET do 2022-2024 mar bhonn, leagtar amach leis 11 bheartas struchtúracha fhadtéarmacha LET agus ocht ngníomhaíocht nithiúla LET, mar a shainmhínítear i mír 1 den mholadh seo. Is toradh iad sin ar phróiseas forleathan comhchruthaithe faoi chuimsiú Fhóram LET, a bhíonn ag díriú ar ábhar bheartais struchtúracha LET agus ar ghníomhaíochtaí LET. Mar chomhlánú air sin, rannchuidigh CLETN le cúrsaí trí chomhairle straitéiseach luath a chur ar fáil maidir leis an ngá atá le hinsint bheartas LET, maidir le struchtúr chlár oibre beartais LET do 2025-2027, maidir le gealltanas a fháil ó leath na mBallstát ar a laghad i dtaca le cur chun feidhme an chláir oibre, agus maidir leis an ngá atá lena uaillmhian, a spriocanna agus a thosaíochtaí a chur in iúl ar bhealach níos fearr. Tá sé beartaithe tús a chur lena chur chun feidhme in 2025. Le Clár Oibre Beartais LET 2025-2027, áirithítear leanúnachas maidir le beartais leanúnacha faoin gcéad chlár oibre, téitear i ngleic le príomhchuspóirí fadtéarmacha LET, agus tá an tsolúbthacht is gá ann chun freagairt ar riachtanais straitéiseacha nua. Ba cheart dó infheictheacht LET, a chuspóirí agus a ghníomhaíochtaí a mhéadú agus feasacht a mhúscailt ina leith.

MOLANN SÍ GO nDÉANFAÍ AN MÉID SEO:

1. Glacfaidh na Ballstáit clár oibre beartais LET do 2025-2027 lena n-áirítear 11 bheartas struchtúracha LET agus 8 ngníomhaíocht LET. Is gníomhaíochtaí fadtéarmacha iad beartais struchtúracha LET, atá fite fuaite leis na beartais náisiúnta agus Eorpacha agus i gcórais T&N, lena n-éilítear iarrachtaí tar éis thimthriall 3 bliana chlár oibre beartais LET. Tá plean oibre 3 bliana acu chun a áirithiú go gcuirfear bearta chun feidhme chun an tionchar fadtéarmach a mheastar a bheidh ann a bhaint amach. Tá gníomhaíochtaí LET nithiúil, dírithe ar bheartais agus dírithe ar spriocanna chun breisluach substainteach a chur ar fáil don Aontas, do na Ballstáit, do thíortha comhlachaithe agus do pháirtithe leasmhara, agus tá siad le cur i gcrích faoi chuimsiú chlár oibre beartais 3 bliana LET. Leagtar amach na tograí uile maidir le beartais struchtúracha LET agus gníomhaíochtaí LET don tréimhse 2025–2027 ar bhealach níos mionsonraithe san Iarscríbhinn.

2. Cuirfidh na Ballstáit na beartais agus na gníomhaíochtaí struchtúracha a leagtar amach i gclár oibre beartais LET do 2025-2027 chun feidhme go deonach agus ar bhonn phrionsabal na geoiméadrachta athraithí, leis an gCoimisiún agus i gcomhar, i gcás inarb iomchuí, leis na tíortha comhlachaithe agus leis na páirtithe leasmhara, i gcomhréir leis na ceithre réimse tosaíochta le haghaidh gníomhaíocht chomhpháirteach a shainaithnítear sa Chomhshocrú T&N. Tá na beartais agus na gníomhaíochtaí struchtúracha sin dírithe ar an méid seo a leanas (i) breisluach soiléir a thabhairt ar leibhéal náisiúnta agus Eorpach, (ii) tionchar a imirt trí tháirgí inghnóthaithe sonracha agus torthaí inláimhsithe a tháirgeadh laistigh de 3 bliana, (iii) tógáil ar chomhchruthú leanúnach idir na Ballstáit, an Coimisiún, agus i gcás inarb iomchuí, tíortha comhlachaithe agus páirtithe leasmhara, (iv) a bheith in ann seasamh le príomhghníomhaíocht amháin, agus (v) agus í á cur chun feidhme go deonach agus de réir geoiméadracht athraitheach, rud a cheadóidh solúbthacht sa mhéid is féidir le tíortha a bheith páirteach. Ba cheart a áirithiú go mbeadh leath na mBallstát ar a laghad rannpháirteach i gcur chun feidhme bheartais struchtúracha LET agus ghníomhaíochtaí LET.

3. Is iad seo a leanas beartais struchtúracha LET agus gníomhaíochtaí LET, arna liostú de réir réimsí tosaíochta mar a leagtar amach sa Chomhshocrú maidir le T&N san Eoraip:

### RÉIMSE TOSAÍOCHTA 1: MARGADH INMHEÁNACH FÍORFHEIDHMIÚIL DON EOLAS A DHOIMHNIÚ

Tá margadh inmheánach le haghaidh eolais atá éifeachtúil, éifeachtach agus dea-fheidhmiúil, agus atá bunaithe ar shaorghluaiseacht taighdeoirí, eolais agus sonraí, chomh maith le cúrsaíocht daoine oilte, ríthábhachtach chun córas Eorpach T&N níos éifeachtúla agus níos cuimsithí a thógáil. Áirithítear leis go n-úsáidtear iarrachtaí agus infheistíochtaí go héifeachtúil agus cruthaítear an mhais chriticiúil is gá chun bheith éifeachtach. Chun iomaíochas an Aontais a neartú, tá sé ríthábhachtach borradh a chur faoi sheasamh idirnáisiúnta agus ceannaireacht eolaíoch an Aontais trí T&N ceannródaíoch a dhéanamh feadh an tslabhra T&N ina iomláine, lena n-áirítear an eolaíocht bhunúsach agus fheidhmeach, agus trí bhorradh a chur faoi tharraingteacht an Aontais do dhaoine tréitheacha ar fud an domhain, trína gcoinneáil san Aontas, agus trí ilroinnt LET a shárú.

Leanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit, trí chomhordú, i gcás inarb iomchuí, leis na tíortha comhlachaithe agus leis na heagraíochtaí geallsealbhóirí, de bheith ag obair ar an tosaíocht sin trí na beartais struchtúracha seo a leanas de chuid LET:

- An eolaíocht oscailte a chumasú trí shonraí a chomhroinnt agus a athúsáid, lena n-áirítear tríd an Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte (NEEO);
- Inbhuanaitheacht, inrochtaineacht agus athléimneacht na mbonneagar taighde in LET a neartú;
- Comhionannas inscne agus cuimsitheacht a neartú in LET, go háirithe trí chur chuige trasnach;
- Gairmeacha taighde a dhéanamh níos tarraingtí agus níos inbhuanaithe, agus tacú le soghluaisteacht;
- Measúnú taighde a athchóiriú;
- Acmhainneachtaí agus gníomhaíochtaí luachshocraithe eolais a mhéadú;
- An Cur Chuige Domhanda i leith T&N a chur chun feidhme.

Moltar na gníomhaíochtaí seo a leanas de chuid LET do na trí bliana amach romhainn:

- Cothromas san eolaíocht oscailte a chur i bhfeidhm;
- Éiceachóras na hEolaíochta Eorpaí le haghaidh Beartais (EE-B) a chur chun cinn;
- Úsáid fhreagrach intleachta saorga san eolaíocht san Aontas a éascú agus dlús a chur léi;
- Slándáil taighde a fheabhsú.

## Réimse Tosaíochta 2: Glacadh le chéile leis an aistriú glas agus leis an gclaochlú digiteach agus le dúshláin eile a bhfuil tionchar acu ar an tsochaí, agus rannpháirteachas na sochaí in LET a mhéadú

Chun go mbeidh LET páirteach i mborradh a chur faoin iomaíochas, go gcuirfidh sé feabhas ar cháilíocht saoil shaoránaigh an Aontais agus go rachaidh sé i ngleic le dúshláin shochaíocha ar nós an aistrithe ghlais glas agus an aistrithe dhigitigh, ní mór dó sineirgí a chruthú le beartais eile chun cuir chuige iomlánaíocha a fhorbairt. Le hinfheistíocht T&N, ba cheart torthaí luachmhara a bhaint amach a úsáideann agus a chuireann an margadh in úsáid, agus ba cheart di an dul chun cinn eolaíoch agus an tionchar eolaíoch a fheabhsú agus aghaidh á tabhairt ar riachtanais na sochaí.

Is iad na beartais struchtúracha seo a leanas de chuid LET a aithníodh mar phríomh-chuir chuige chun aghaidh a thabhairt ar an réimse tosaíochta seo:

- Príomhghné théamach de LET a dhéanamh den phlean straitéiseach um theicneolaíocht fuinnimh (SET);
- Feabhas a chur ar an nasc idir T&N agus an t-ardoideachas laistigh de LET agus leas iomlán a bhaint as éiceachórais T&N na hEorpa;
- Iontaoibh san eolaíocht a fheabhsú trí rannpháirteachas na saoránach, trí idirphlé agus trí chumarsáid eolaíochta.

Moltar na gníomhaíochtaí seo a leanas de chuid LET do na trí bliana amach romhainn:

- Dlús a chur le hinfheistíochtaí T&N le haghaidh chlaochlú tionsclaíoch agus inbhuanaitheacht iomaíoch na hEorpa;
- Dlús a chur le modheolaíochtaí cur chuige nua chun taighde agus tástáil bhithleighis ar tháirgí íocshláinte agus ar ghairis leighis a chur chun cinn;
- Creat comhleanúnach comhordaithe le haghaidh cur chuige Eorpach i leith sláine agus eitic in T&N a fhorbairt i bhfianaise na ndúshlán atá ag teacht chun cinn.

### Réimse Tosaíochta 3: Rochtain ar bharr feabhais sa taighde agus sa nuálaíocht ar fud an Aontais a fheabhsú agus idirnaisc idir éiceachórais nuálaíochta ar fud an Aontais a fheabhsú

Cuimsíonn barr feabhais taighde an Eoraip ar fad, gach aois, disciplín agus earnáil. Níor baineadh leas as a acmhainneacht iomlán go fóill mar gheall ar éagothromaíochtaí nach beag i ndeiseanna do thaighdeoirí agus do nuálaithe in LET.

Is é an beartas struchtúrach seo a leanas de chuid LET a sainaithníodh mar phríomhchur chuige chun aghaidh a thabhairt ar an réimse tosaíochta seo:

- feabhas a chur ar rochtain an Aontais ar bharr feabhais.

Tá an ghníomhaíocht seo a leanas de chuid LET beartaithe do na trí bliana amach romhainn:

- T&N a chumhachtú: Ré nua i mbainistíocht taighde.

### Réimse Tosaíochta 4: Infheistíochtaí agus athchóirithe comhbheartaithe sa taighde agus sa nuálaíocht a chur chun cinn

Ós rud é go ndíríonn an tAontas ar phríomhréimsí le haghaidh iomaíochais, inbhuanaitheachta agus folláine amach anseo, bheadh sé fritorthúil infheistíocht agus tionscnaimh T&F a dhúbailt, a ionadú nó a ilroinnt. Leis an gcomhar trasnáisiúnta treisítear an éifeachtúlacht trí acmhainní a chomhthiomsú chun mais chriticiúil a bhaint amach agus na héifeachtaí iarmharta eolais a mhéadú chun borradh a chur faoi T&F. Chun a áirithiú go mbeidh na hinfheistíochtaí sin éifeachtúil agus go mbeidh tionchar acu, beidh gá freisin, i gcásanna áirithe, le hathchóirithe struchtúracha i gcórais náisiúnta taighde agus forbartha (T&F) a dhearadh, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu. Is é is aidhm do na hathchóirithe sin barr feabhais eolaíoch a mhéadú, cultúr de luachshocrú torthaí taighde a leabú, naisc idir an eolaíocht agus an gnó a fheabhsú agus díriú ar bhealach níos fearr ar bheartais chun tacú leis an nuálaíocht ghnó.

Níl aon bheartas struchtúrach ná gníomhaíocht shonrach de chuid LET beartaithe faoin gcuspóir sin. Tá an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit tiomanta i gcónaí, áfach, go n-oibreoidh siad i ndlúthchomhar le chéile agus úsáid á baint acu as sraith ionstraimí atá ann cheana. Chun bheith níos beaichte, táthar ag súil go gcuirfidh cur chun feidhme na mbeart T&N faoi Shaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta an Aontais borradh faoin gcumas náisiúnta T&F, go háirithe i dtíortha atá fós ag titim chun deiridh.

Tríd an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, déanann an Coimisiún Eorpach grinnanailís ar chórais náisiúnta T&N agus eisíonn sé moltaí tírshonracha maidir leis an gcaoi le borradh a chur faoi acmhainneacht nuálaíochta gach tíre. Déanann an Coimisiún faireachán ansin ar fhreagairtí beartais ó na Ballstáit chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis na bearnaí T&N a sainaithníodh a dhúnadh. Chun tacú lena n-iarrachtaí feabhas a chur ar a gcórais T&N trí athchóirithe, is féidir leis na Ballstáit agus, i gcás inarb iomchuí, le tíortha comhlachaithe tacaíocht shaineolach a fháil faoin tSaoráid Tacaíochta Beartais Fís, ionstraim a bhí an-tairbheach go dtí seo maidir le ceapadh beartas a fheabhsú agus conairí athchóirithe a shainaithint, agus an tIdirphlé Beartais Feabhsaithe déthaobhach leis na Ballstáit agus, i gcás inarb iomchuí, le tíortha comhlachaithe maidir le hábhair T&N a comhaontaíodh i gcoitinne.

4. Ba cheart an creat comhoibríoch bunaithe laistigh de CLETN, lena dtugtar comhairle agus treoshuíomhanna straitéiseacha soiléire T&N, agus i bhFóram LET, atá freagrach as feabhas a chur ar an gcomhordú chun chlár oibre beartais LET a chur chun feidhme go héifeachtach, a choinneáil ina shásra lárnach de rialachas LET. Ba cheart cur chun feidhme an chéad chlár oibre beartais eile de chuid LET (2025-2027) a dhéanamh fós trí iarracht uilechuimsitheach thrédhearcach ar gach leibhéal rialachais chun comhchruthú agus úinéireacht an chláir oibre a chothú. Ba cheart Fóram LET a bheith ina bhonn braite le haghaidh dúshláin atá ag teacht chun cinn fós, lasmuigh de ghníomhaíochtaí chlár oibre beartais LET 2025-2027, lena n-éilítear comhar trastíre agus a chumhdaítear le Comhshocrú T&N, ar nós obair leantach ar shaoirse an taighde eolaíoch agus ceannaireacht eolaíoch na hEorpa a neartú.

5. Ba cheart do na Ballstáit beartais agus gníomhaíochtaí struchtúracha LET a chur chun feidhme go deonach agus ar bhonn phrionsabal na geoiméadrachta athraithí, i gcomhréir le mír 2 den mholadh seo. Moltar do na Ballstáit a réigiúin agus a bpáirtithe leasmhara náisiúnta a rannpháirtiú chun tacú le cur chun feidhme chlár oibre beartais LET 2025-2027. Le cur chun feidhme comhordaithe, ba cheart go n-áiritheofaí rannpháirtíocht ghníomhach agus leathan páirtithe leasmhara ar leibhéal an Aontais ar fud an speictrim iomláin, ó thaighde go nuálaíocht agus cur in úsáid ar an margadh. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar chatagóirí na bpáirtithe leasmhara i bhFóram LET chun an ionadaíocht is fearr is féidir a dhéanamh do na leasanna éagsúla, go háirithe an earnáil phríobháideach agus an tsochaí shibhialta.

6. Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún Eorpach leanúint de thacú le rannpháirtíocht iomlán na dtíortha atá comhlachaithe leis an gclár Fís Eorpach agus na mbrateagraíochtaí páirtithe leasmhara ar leibhéal an Aontais i gcur chun feidhme chlár oibre beartais LET 2025-2027.

7. Ní leor an infheistíocht T&N san Aontas ó thaobh mianta de agus tá sí fós faoi bhun an leibhéil infheistíochta i gcuid mhaith d'iomaitheoirí domhanda an Aontais. Faoi láthair, caitheann an tAontas thart ar 2.3 % dá OTI ar T&F, i bhfad faoi bhun sprioc T&F 3 % a socraíodh in 2002 i nDearbhú Barcelona. Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán ilghnéitheach a bhaineann leis an sprioc 3 % de OTI a bhaint amach, tá gá le gealltanas polaitiúil athnuaite chun infheistíocht T&F a threisiú, idir phoiblí agus phríobháideach, faoi chuimsiú chreat na n-acmhainní atá ar fáil. Tá gá le tuilleadh athchóirithe freisin chun feabhas a chur ar éiceachórais náisiúnta T&N agus chun an tionchar a bheidh ag méadú ar infheistíocht in T&N a uasmhéadú. Sa bhreis ar an réimse tosaíochta Chomhshocrú T&N 'Infheistíochtaí agus athchóirithe comhbheartaithe T&N a chur chun cinn', ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún leanúint dá n-iarrachtaí chuig sin.

8. Ba cheart don Choimisiún Eorpach leanúint de shásra faireacháin LET a leagtar amach sa Chomhshocrú T&N san Eoraip agus a shonraítear sa 'Creat do shásra faireacháin LET a bheidh ann amach anseo' a chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an 10 Meitheamh 2022, a chur chun feidhme[6]. Le sásra faireacháin LET, déanfar measúnú ar an dul chun cinn atá déanta chun tosaíochtaí LET a bhaint amach, mar a shainítear sa Chomhshocrú T&N. Ba cheart na nithe seo a leanas a bheith i sásra faireacháin LET:

(1) Scórchlár LET chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta chun cuspóirí LET a bhaint amach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon, a thabharfar cothrom le dáta go tráthrialta;

(2) tuarascáil faireacháin thríbhliantúil LET ón gCoimisiún chuig an gComhairle chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme chlár oibre beartais LET,

(3) tuarascálacha tíre tríbhliantúla LET chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn na dtíortha maidir le Clár Oibre Beartais LET a chur chun feidhme lena áirithiú nach gcuirfear aon ualach breise ar na Ballstáit.

Ba cheart do na Ballstáit leanúint d'fhaisnéis a mhalartú maidir le LET, go háirithe trí shonraí agus faisnéis a chur ar fáil trí Ardán Beartais LET. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit cur chun feidhme bheartais struchtúracha agus ghníomhaíochtaí LET a chur chun cinn, chomh maith le torthaí LET atá ábhartha ina dtíortha féin, agus leas á bhaint as an tacaíocht atá ar fáil.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[6] 9578/22.

## IARSCRÍBHINN

**Míniú mionsonraithe ar bheartais struchtúracha LET agus ar ghníomhaíochtaí LET**

Leagtar amach na tograí maidir le beartais struchtúracha LET agus gníomhaíochtaí LET ar bhealach níos mionsonraithe san ord seo a leanas. A mhéid *a eascraíonn ceanglais chistiúcháin ó bhuiséad an Aontais as na beartais agus na gníomhaíochtaí sin, tá an cistiú sin teoranta do na hacmhainní atá ar fáil faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil reatha 2021-2027.*

***Beartais struchtúracha LET***

- An eolaíocht oscailte a chumasú trí shonraí a chomhroinnt agus a athúsáid, lena n-áirítear tríd an Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte (NEEO)
- Inbhuanaitheacht, inrochtaineacht agus athléimneacht na mbonneagar taighde in LET a neartú
- Cuimsitheacht agus comhionannas inscne in LET a neartú, le cur chuige trasnach go háirithe
- Gairmeacha taighde a dhéanamh níos tarraingtí agus níos inbhuanaithe, agus tacú leis an tsoghluaisteacht
- Measúnú taighde a athchóiriú
- Acmhainneachtaí agus gníomhaíochtaí luachshocraithe eolais a mhéadú
- An Cur Chuige Domhanda i leith T&N a chur chun feidhme
- Príomhghné théamach de LET a dhéanamh den phlean straitéiseach um theicneolaíocht fuinnimh (SET)
- Feabhas a chur ar an nasc idir T&N agus an t-ardoideachas laistigh de LET agus leas iomlán a bhaint as éiceachórais T&N na hEorpa

- Muinín san eolaíocht a fheabhsú trí rannpháirteachas saoránach, trí idirphlé agus trí chumarsáid eolaíochta
- Feabhas a chur ar rochtain an Aontais ar bharr feabhais

***Gníomhaíochtaí LET***

- Cothromas san eolaíocht oscailte a chur i bhfeidhm
- Éiceachóras na hEolaíochta Eorpaí le haghaidh Beartais (EE-B) a chur chun cinn
- Úsáid fhreagrach na hintleachta saorga san eolaíocht san Aontas a éascú agus dlús a chur léi
- Slándáil taighde a fheabhsú
- Dlús a chur le hinfheistíochtaí T&N le haghaidh chlaochlú tionsclaíoch agus inbhuanaitheacht iomaíoch na hEorpa
- Dlús a chur le modheolaíochtaí cur chuige nua (MCCNanna) chun taighde agus tástáil bhithleighis ar tháirgí íocshláinte agus ar ghairis leighis a chur chun cinn
- Creat comhleanúnach comhordaithe le haghaidh cur chuige Eorpach i leith sláine agus eitic in T&N a fhorbairt i bhfianaise na ndúshlán atá ag teacht chun cinn.
- T&N a chumhachtú:Ré nua i mbainistíocht taighde

***Beartais struchtúracha LET***

**1. AN EOLAÍOCHT OSCAILTE A CHUMASÚ TRÍ SHONRAÍ A CHOMHROINNT AGUS A ATHÚSÁID, LENA N-ÁIRÍTEAR TRÍD AN NÉAL EORPACH MAIDIR LEIS AN EOLAÍOCHT OSCAILTE (NEEO)**

**Cuspóirí**

- Tugtar luach saothair do chleachtais agus scileanna na heolaíochta oscailte agus múintear iad, rud a fhágann gurb í an ‘normáltacht nua’ anois iad;

- cuireann caighdeáin, uirlisí agus seirbhísí ar chumas taighdeoirí torthaí a aimsiú, rochtain a fháil orthu, a athúsáid agus a chomhcheangal;
- bonneagar cónasctha faoi thionchar an phobail a úsáid agus a choinneáil ar bun lenar féidir torthaí eolaíocha a chomhroinnt go hoscailte;
- Tá an Eoraip ar thús cadhnaíochta maidir le gréasán sonraí taighde FAIR[7] ina bhfuil naisc sheanbhunaithe le spásanna sonraí eile;
- soláthraítear coinníollacha dlíthiúla agus acmhainní níos fearr do thaighdeoirí chun rochtain a fháil ar thorthaí taighde arna gcistiú go poiblí agus chun iad a athúsáid agus chun foilseacháin agus sonraí a úsáid chun críoch eolaíoch.

**Tuairisc**

*Is é is aidhm don bheartas struchtúrach seo mórathrú a bhaint amach ar fud na bpobal taighde agus na mbonneagar taighde san Eoraip. Féachfaidh sé le creat dlíthiúil níos fearr de chuid an Aontais a chruthú le haghaidh comhroinnt oscailte, rochtain rianúil agus athúsáid iontaofa sonraí taighde agus réad taighde digiteach eile a úsáidtear agus a tháirgtear feadh shaolré an taighde. Seo a leanas gníomhaíochtaí samplacha:*

- Glacadh Nód AE NEEO ag an bpobal taighde Eorpach a chur chun cinn;
- Tacú le méadú Chónaidhm NEEO le roinnt nód, agus a hinscálaitheacht a áirithiú trí chaighdeáin chomhchoiteanna Chónaidhm NEEO agus trí bheartais úsáide, ó 2025 ar aghaidh;
- comhairliúcháin bhreise a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus tuilleadh fianaise a bhailiú maidir le roghanna beartais sainaitheanta chun creat reachtach agus rialála an Aontais maidir le cóipcheart agus sonraí a chur in oiriúint don taighde;
- creat faireacháin NEEO a leathnú le modheolaíochtaí úrscothacha chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na mbeartas agus na gcleachtas gaolmhar.

[7] Inaimsithe, Inrochtana, Idir-inoibrithe agus In-athúsáidte

**Na torthaí a bhfuil coinne leo**

- Cónaidhm ardluacha NEEO a fhorbairt agus a glacadh a mhéadú;
- méid agus táirgiúlacht sonraí taighde FAIR san Eoraip a mhéadú;
- réimsí inar gá bearta agus tionscnaimh a chruthú chun go mbeidh creat de chuid an Aontais maidir le cóipcheart agus sonraí ann a bheidh oiriúnach don taighde;
- measúnú a dhéanamh ar thionchar na mbeartas agus na gcleachtas eolaíochta oscailte bunaithe ar ardán faisnéise beartais eolaíochta oscailte.

## 2. INBHUANAITHEACHT, INROCHTAINEACHT AGUS ATHLÉIMNEACHT NA MBONNEAGAR TAIGHDE IN LET A NEARTÚ

**Cuspóirí**

- Seirbhísí bonnegair taighde (BT) neartaithe, atá oiriúnaithe níos fearr do riachtanais úsáideoirí, i gcomhthéacs dúshláin chomhaimseartha agus dúshláin atá ag teacht chun cinn san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus sa nuálaíocht agus i gcomhthéacs thosaíochtaí beartais an Aontais;
- éiceachóras BT Eorpach neartaithe lena n-áirítear trí BT atá ann cheana a chomhdhlúthú agus trí thionscadail BT nua a shainaithint chun bearnaí a líonadh;
- scéimeanna níos comhtháite agus níos inbhuanaithe a chruthú chun rochtain ar bhonneagar taighde agus a seirbhísí a neartú, go háirithe do thaighdeoirí agus do nuálaithe ar fud LET;
- tionchar feabhsaithe ar thaighde agus ar an tsochaí agus rannpháirtíocht neartaithe leis an earnáil tionsclaíochta;
- naisc níos fearr a chruthú, agus i gcás inarb iomchuí, inoibritheacht a chruthú, idir cineálacha éagsúla bonneagar (BTanna, bonneagair theicneolaíochta, ríomh-bhonneagair, bonneagair sonraí);
- rannpháirtíocht níos mó ó pháirtithe leasmhara i ngníomhaíochtaí BT a spreagadh.

**Tuairisc**

*Áirithítear leis an mbeartas struchtúrach seo oscailteacht, inrochtaineacht agus slándáil BT inbhuanaithe den chéad scoth do thaighdeoirí agus do nuálaithe* ar fud LET, *déantar forbairt bhreise agus comhdhlúthú ar BT, ar a bhfeidhm chomhtháiteach san éiceachóras T&N agus ar a n-acmhainneacht dul i ngleic le tosaíochtaí an Aontais. Le straitéis fhadtéarmach, déanfar tírdhreach BT a chuíchóiriú agus sainaithneofar agus tabharfar tús áite do na seirbhísí agus na teicneolaíochtaí BT is gá chun borradh a chur faoi iomaíochas eolaíochta agus teicneolaíochta agus neamhspleáchas straitéiseach an Aontais agus faoina chumas dúshláin shochaíocha a réiteach.*

- Straitéis fhadtéarmach maidir le BTanna a cheapadh;
- faireachán soiléir a dhéanamh ar fheidhmíocht BTanna éagsúla;
- anailís shoiléir a dhéanamh ar an tacaíocht airgeadais do na BTanna;
- anailís straitéiseach tírdhreacha a dhéanamh le haghaidh BTanna san Eoraip.

**Na torthaí a bhfuil coinne leo**

- **Ó ghníomhaíochtaí fadtéarmacha agus athfhillteacha: (1)** Straitéis fhadtéarmach an Aontais maidir le bonneagair taighde, lena n-áirítear cur chuige straitéiseach nua chun tacaíocht AE a thabhairt do bhonneagair taighde; (2) treochlár FSEBT 2026 agus príomheilimintí d’anailís tírdhreacha 2028, (3) faireachán ar shainchomharthaí FSEBT; (4) rannpháirtíocht páirtithe leasmhara (tuarascálacha ar imeachtaí/gníomhaíochtaí).

- **Ó ghníomhaíochtaí gearrthéarmacha, tuarascálacha ina bhfuil moltaí maidir leis an méid seo a leanas**: (1) maoiniú, lena n-áirítear sineirgí le cistiú náisiúnta agus réigiúnach, foinsí AE agus foinsí eile, (2) comhar idirnáisiúnta, agus breithnithe slándála taighde á gcur san áireamh; (3) measúnú tionchair ar FSEBT; (4) athléimneacht agus glasú na mbonneagar taighde Eorpach; (5) ERICanna a neartú a thuilleadh mar chuid d’éiceachóras BT.

## 3. CUIMSITHEACHT AGUS COMHIONANNAS INSCNE IN LET A NEARTÚ, LE CUR CHUIGE TRASNACH GO HÁIRITHE

**Cuspóirí**

- Idirphlé beartais agus comhordú beartas agus gníomhaíochtaí a dhoimhniú i measc na mBallstát, agus, i gcás inarb iomchuí, i measc tíortha comhlachaithe agus páirtithe leasmhara**,** maidir le cuimsitheacht agus comhionannas inscne, le cur chuige trasnach go háirithe, in T&N, lena n-áirítear athruithe institiúideacha/struchtúracha trí phleananna cuimsitheacha comhionannais inscne (GEP), gné na hinscne a chomhtháthú in inneachar T&N, deireadh a chur le foréigean inscnebhunaithe, agus buiséadú inscne a fhorbairt;

- cuimsitheacht agus comhionnanas inscne in T&N a chur chun cinn, le cur chuige trasnach go háirithe, tríd na moltaí agus na huirlisí atá ann cheana a ghlacadh agus a bheachtú;

- feabhas a chur ar bhailiú sonraí, ar fhaireachán agus ar mheastóireacht ar chuimsitheacht agus ar chomhionannas inscne in T&N, le cur chuige trasnach go háirithe, chun cleachtais agus dúshláin rathúla a shainaithint agus chun aon bhearnaí a shainaithint nach mór aghaidh a thabhairt orthu le beartais agus bearta a bheidh ann amach anseo;

- difríochtaí tíreolaíocha a laghdú maidir le haghaidh a thabhairt ar an gcuimsitheacht agus an comhionannas inscne, le cur chuige trasnach go háirithe, i measc na mBallstát agus, i gcás inarb iomchuí, i measc tíortha comhlachaithe;

- Ráta níos airde rannpháirteachais a bhaint amach do mhná agus do thaighdeoirí faoi ghannionadaíocht, feabhas a chur ar cháilíocht na ndálaí oibre (agus staidéir) lena n-áirithítear comhionannas inscne, cothromaíocht inscne, comhdheiseanna agus cuimsitheacht do thaighdeoirí ó gach cúlra lena n-áirítear grúpaí faoi ghannionadaíocht agus grúpaí imeallaithe, earcaíocht, cur chun cinn agus leithdháileadh buiséid níos cothroime, infhaighteacht beart maidir le cothromaíocht oibre is saoil, timpeallachtaí níos sábháilte atá saor ó fhoréigean inscne, cothromaíocht inscne níos fearr i bpoist chinnteoireachta, agus aschuir T&N neamhchlaonta agus ar cháilíocht níos airde.

**Tuairisc**

*Cuirfidh an beartas struchtúrach sin feabhas ar cháilíocht agus ar ábharthacht shochaíoch T&N, cuideoidh sé le tallann níos éagsúla a mhealladh agus a choinneáil i gcóras T&N na hEorpa, agus cuideoidh sé lena áirithiú gur féidir le gach duine a acmhainneacht a uasmhéadú, rud a léiríonn go bhfuil an tAontas tiomanta i gcónaí ceannaireacht a thabhairt ar an leibhéal idirnáisiúnta maidir le cuimsitheacht agus comhionannas inscne in T&N a áirithiú*, le cur chuige trasnach go háirithe.

**Na torthaí a bhfuil coinne leo**

- Cur chuige faireacháin agus meastóireachta a cheapadh chun pleananna um chomhionannas inscne cuimsitheacha a chur chun feidhme go héifeachtach;
- treoirlínte a fhorbairt chun cur chuige trasnach a chur chun feidhme i mbeartas T&N, lena n-áirítear maidir le táscairí a bhailiú, a roghnú agus anailís a dhéanamh orthu;
- cur chuige faireacháin agus meastóireachta a cheapadh lena méadófar glacadh an chomhtháthaithe de ghné na hinscne in ábhar T&N;
- sásra feabhsaithe príomhshruthaithe inscne le haghaidh sineirgí le gníomhaíochtaí eile LET ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta;
- an Cód Iompair maidir le foréigean inscnebhunaithe in T&N a chur chun feidhme arna fhorbairt le Gníomhaíocht 5 de chlár oibre beartais LET 2022-2024;
- prionsabail forbartha le haghaidh buiséadú inscne agus rianú caiteachais in T&N.

## 4. GAIRMEACHA TAIGHDE A DHÉANAMH NÍOS TARRAINGTÍ AGUS NÍOS INBHUANAITHE, AGUS TACÚ LEIS AN TSOGHLUAISTEACHT

**Cuspóirí**

- Aitheantas do ghairmeacha taighde, agus idir-inoibritheacht agus inchomparáideacht gairmeacha taighde ar fud na n-earnálacha agus na mBallstát a chothú, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le creat Eorpach chun tallanna taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip;
- feabhas a chur ar an earcaíocht agus ar dhálaí oibre, lena n-áirítear gnéithe a bhaineann le hearcaíocht oscailte, thrédhearcach atá bunaithe ar fhiúntas;
- scileanna taighdeoirí a neartú chun gairmeacha idirearnálacha agus idirdhisciplíneacha a chothú;
- tacú le forbairt agus dul chun cinn gairme níos fearr agus conairí nua infheistíochta a mhúnlú chun éiginnteacht a laghdú agus speictream na ndeiseanna gairme a leathnú;
- oibriú i dtreo cúrsaíocht níos cothroime tallainne, lena n-áirítear sreafaí idir earnálacha;
- sonraí éifeachtacha iontaofa ó Fhaireachlann Gairmeacha Teicneolaíochta agus Nuálaíochta a áirithiú;
- sineirgí a chruthú le gníomhaíochtaí beartais gaolmhara eile de chuid LET agus le tionscnaimh ghaolmhara de chuid an Aontais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, go háirithe iad siúd a thacaíonn le soghluaisteacht taighdeoirí san Eoraip, ar nós phacáiste an Choimisiúin maidir le soghluaisteacht scileanna agus tallainne.

**Tuairisc**

*Is é is aidhm don bheartas struchtúrach gairmeacha taighde san Eoraip a dhéanamh níos tarraingtí agus níos inbhuanaithe, trí thacú leis an Aontas, leis na* Ballstáit, agus, i gcás inarb iomchuí, *le tíortha comhlachaithe agus le páirtithe leasmhara na gníomhaíochtaí uile a eascraíonn as gníomhaíocht 4 de chlár oibre beartais LET 2022-2024 a chur chun feidhme go comhpháirteach, agus trí fhaireachán a dhéanamh ar thorthaí chur chun feidhme na dtionscnamh agus na n-athchóirithe sin ar an láthair. Áireofar leis an ngníomhaíocht malartuithe dea-chleachtas, forbairt treoirlínte agus moltaí, agus rannchuidiú le comhdhlúthú na faireachlainne gairmeacha sa taighde agus nuálaíocht.*

**Na torthaí a bhfuil coinne leo**

- Treoirlínte comhchruthaithe le haghaidh chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le creat Eorpach chun tallanna taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip, le haghaidh poist ar cháilíocht níos fearr agus margadh saothair taighde a fheidhmíonn níos fearr;

- pobal cleachtais chun taithí a chomhroinnt agus gairmeacha taighde a neartú ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus eagraíochtúil;

- faireachlann gairmeacha teicneolaíochta agus nuálaíochta comhdhlúite le rannpháirtíocht gníomhaithe ábhartha lasmuigh de phobal T&N, agus deireadh a chur le bearnaí i gcomhpháirt;

- moltaí le haghaidh forbairt gairme agus dul chun cinn gairme níos fearr, agus conair tionachta na hEorpa, lena n-áirítear samhlacha agus sásraí measúnaithe agus cistiúcháin gaolmhara;

- conairí infheistíochta a chomhchruthú, dul i bpáirt le fórsaí agus iad a chomhordú agus tionscnaimh a chomhdhearadh chun neamhchinnteacht a laghdú agus conairí gairme chuig gairmeacha taighde neamhacadúla a éascú.

## 5. MEASÚNÚ TAIGHDE A ATHCHÓIRIÚ

**Cuspóirí**

- Athruithe institiúideacha a dhéanamh chun feabhas a chur ar mheasúnú taighde;

- leibhéal an dul chun cinn atá déanta maidir le hathchóirithe ar mheasúnú taighde a thomhas;

- eolas a mhéadú agus feasacht ar athchóirithe a mhúscailt;

- bearnaí in athchóirithe, aon tosca teorannaithe nó blocála, agus bearta breise is gá a shainaithint;

- Ar deireadh, cuidiú le cáilíocht, feidhmíocht agus tionchar an taighde a ardú agus, dá bhrí sin, gairmeacha taighde a dhéanamh níos tarraingtí.

**Tuairisc**

*Tá an chaoi a ndéantar measúnú ar thionscadail taighde, ar thaighdeoirí, ar aonaid taighde agus ar institiúidí taighde faoi láthair fós bunaithe go mór ar shraith theoranta aschur agus gníomhaíochtaí taighde, foilseacháin den chuid is mó, agus roinnt úsáidí míchuí a bhaintear as roinnt táscairí agus modhanna lena ndéantar cáilíocht, feidhmíocht agus tionchar an taighde a mheas.*

- Dea-chleachtais, boscaí uirlisí agus moltaí le haghaidh measúnú taighde a shainaithint agus a chomhroinnt go forleathan;
- idirphlé idirnáisiúnta, scaipeadh agus imeachtaí foghlama frithpháirtí arna ndéanamh ag an gCoimisiún, ag an gComhghuaillíocht um Chur Chun Cinn an Mheasúnaithe Taighde agus ag na Ballstáit a eagrú;
- athchóirithe measúnaithe taighde a chur chun feidhme in institiúidí taighde;
- staidéar a dhéanamh chun na hathruithe a rinneadh ar chreataí náisiúnta, na hathruithe a chuir institiúidí taighde chun feidhme, agus na hathruithe a bhfuiltear ag súil leo ó phleananna gníomhaíochta shínitheoirí an Chomhaontaithe maidir le Measúnú Taighde a Athchóiriú a shainaithint;
- leanúint den idirphlé náisiúnta idir údaráis náisiúnta agus eagraíochtaí taighde.

**Na torthaí a bhfuil coinne leo**

- Eolas, feasacht agus rannpháirtíocht maidir le cleachtais agus athchóirithe measúnaithe taighde arna n-ardú ag an gComhghuaillíocht um Chur Chun Cinn an Mheasúnaithe Taighde, eagraíochtaí taighde (lena n-áirítear eagraíochtaí déanta taighde, cistithe taighde agus measúnaithe taighde), údaráis náisiúnta agus institiúidí an Aontais;
- tacú leis na hathruithe a dhéantar ar chreataí náisiúnta agus ar institiúidí taighde aonair, iad a mhapáil agus anailís a dhéanamh orthu;
- aon bhearnaí atá fós ann sna hathchóirithe agus aon bhearta a bhfuil gá leo fós ar gach leibhéal (institiúideach, náisiúnta agus Eorpach) a shainaithint.

## 6. ACMHAINNEACHTAÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ LUACHSHOCRAITHE EOLAIS A MHÉADÚ

**Cuspóirí**

- Luachshocrú agus cur in úsáid eolais, scileanna agus tacaíocht ghairmiúil a neartú;
- Feabhas a chur ar rochtain agus ar úsáid sócmhainní intleachtúla agus ar shonraí a dhíorthaítear ón taighde agus ón nuálaíocht;
- Cultúr an luachshocraithe eolais a chomhdhlúthú.

**Tuairisc**

*Tá dúshláin roimh an Aontas maidir le torthaí taighde agus nuálaíochta a aistriú go húsáid shochaíoch agus luach eacnamaíoch agus maidir le luach a choinneáil laistigh den Aontas, rud atá ríthábhachtach d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Leis an mbeartas struchtúrach seo, féachfar le timpeallacht eolais na hEorpa a theannadh isteach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:*

- Acmhainneacht na n-idirghabhálaithe a fhorbairt chun naisc idir an saol acadúil, an earnáil tionsclaíochta agus údaráis phoiblí a neartú;
- rochtain ar shócmhainní intleachtúla agus coimirciú na sócmhainní sin a fheabhsú, go háirithe trí cheadúnú freagrach agus trí chur chuige comhroinnte maidir le rialachas sonraí;
- cumais agus scileanna luachshocraithe gníomhaithe T&N a neartú, lena n-áirítear eagraíochtaí taighde agus cistiúcháin;
- glacadh torthaí ó thaighde ildisciplíneach a mhéadú, lena n-áirítear na heolaíochtaí sóisialta, na healaíona agus na daonnachtaí;
- feabhas a chur ar an gcreat tomhais chun luach sochaíoch níos leithne a chruthaítear a ghabháil.

**Na torthaí a bhfuil coinne leo**

- Scéim Eorpach maidir le prionsabail cheadúnúcháin fhreagracha agus cur chuige comhroinnte rialachais sonraí chun comhar agus tairbhe trasearnála níos fearr a éascú do ghnólachtaí agus don tsochaí araon, agus breithnithe slándála taighde á gcur san áireamh;
- 'saotharlanna foghlama le haghaidh cruthú luacha' chun scileanna a fhorbairt maidir le luachshocrú eolais agus fiontraíocht trí oiliúint spriocdhírithe, piarfhoghlaim agus teagmháil le heiseamláirí;
- treoir bheartais maidir le glacadh torthaí T&N de chineál ildisciplíneach sa Limistéar Eorpach Taighde a mhéadú agus dlús a chur leis, bunaithe ar staidéar cúlra ón gCoimisiún agus ar obair chun pobal tiomnaithe a chruthú;
- creat cuimsitheach tomhais lena léirítear raon leathan na ngníomhaíochtaí luachshocraithe eolais chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht LET sa réimse sin.

## 7. CUR CHUIGE DOMHANDA I LEITH T&N A CHUR CHUN FEIDHME

**Cuspóirí**

- Chun a ráthú go n-áireofar i gclár oibre beartais LET 2025-2027 an ghné idirnáisiúnta, mar shaintréith thrasnaí, fhadtéarmach agus bhunúsach d'éiceachóras T&N.
- an comhéadan idir eolaíocht agus beartas agus taidhleoireacht a fheabhsú;
- dúshláin dhomhanda a ghleic agus leasanna, luachanna agus prionsabail straitéiseacha an Aontais, a Bhallstáit, agus i gcás inarb iomchuí, tíortha comhlachaithe a chosaint ag an am céanna;
- cothrom na Féinne a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais sa chomhar idirnáisiúnta in T&N;
- eolas níos doimhne ar chomhar déthaobhach faoi stiúir na mBallstát agus, i gcás inarb iomchuí, tíortha comhlachaithe le tíortha nach de chuid an Aontais iad.

**Tuairisc**

*I bhfianaise na n-athruithe bunúsacha ar an timpeallacht gheopholaitiúil, eolaíoch agus theicneolaíoch, ba cheart don Aontas a bheith níos straitéisí maidir le leas a bhaint as cumhacht an chomhair idirnáisiúnta sa taighde agus sa nuálaíocht* agus maidir le prionsabail agus luachanna comhchoiteanna an Aontais a chur chun cinn.

*Saothrófar an beartas struchtúrach sin trí ghníomhaíochtaí agus plé a reáchtáil i mBuan-fhoghrúpa Fhóram LET maidir leis an gCur Chuige Domhanda i leith T&N:*

- mapáil athfhillteach ar chomhar eolaíoch déthaobhach agus iltaobhach na mBallstát, agus, i gcás inarb iomchuí, na dtíortha comhlachaithe agus na bpáirtithe leasmhara;
- sineirgí a chothú le cláir agus tionscnaimh eile de chuid an Aontais ar nós Global Gateway;
- gníomhaíochtaí LET eile a chomhordú agus a ailíniú mar shampla an ceann atá beartaithe maidir le slándáil taighde;
- ionchur agus treoir a chur ar fáil maidir le conas gné idirnáisiúnta an chéad chreatchláir eile a neartú.

**Na torthaí a bhfuil coinne leo**

- Creat Eorpach um thaidhleoireacht eolaíochta (2025);
- treochlár le haghaidh idirphlé iltaobhach maidir le luachanna agus prionsabail le haghaidh comhar idirnáisiúnta sa taighde agus sa nuálaíocht (2025);
- tionscnaimh phíolótacha nua de chur chuige Fhoireann na hEorpa, lena n-áirítear Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib in 2025 agus an India in 2026; agus cur chuige Fhoireann na hEorpa atá ann faoi láthair i leith na hAfraice agus na Síne a leathnú;
- tuairim maidir le conas gníomhaíochtaí comhair idirnáisiúnta T&N a eagrú le tríú tíortha faoin gcéad chreatchlár eile.

## 8. PRÍOMHGHNÉ THÉAMACH DE LET A DHÉANAMH DEN PHLEAN STRAITÉISEACH UM THEICNEOLAÍOCHT FUINNIMH (SET)

**Cuspóirí**

- Naisc níos doimhne idir an pobal T&N agus an earnáil tionsclaíochta chun tacú le húsáid nuálaíochtaí glanfhuinnimh, gan ualach riaracháin a chur leo;
- cuir chuige chomhpháirteacha a fhoirmiú maidir le saincheisteanna trasnaí, lena n-áirítear forbairt scileanna, taighde agus nuálaíocht atá saincheaptha do riachtanais na sochaí, digitiú, agus glacadh an mhargaidh agus inrochtaineacht an mhargaidh;
- athbhreithniú a dhéanamh ar raon feidhme na teicneolaíochta atá ann faoi láthair chun teicneolaíochtaí nua glanfhuinnimh ábhartha a mholadh, más gá;
- comhar nua idir na hArdáin Eorpacha Teicneolaíochta agus Nuálaíochta agus na comhghuaillíochtaí tionsclaíocha Eorpacha a fheabhsú.

**Tuairisc**

*Rannchuideoidh an beartas struchtúrach seo le spriocanna foriomlána LET tríd an gcomhar idir cláir agus tionscnaimh T&N glanfhuinnimh a dhoimhniú ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal institiúideach agus tríd an gcomhar idir gníomhaithe ar fud na hEorpa a mhéadú, d'fhonn rannchuidiú leis na spriocanna foriomlána aeráide agus comhshaoil. Thairis sin, trí bheartas struchtúrach chlár oibre beartais nua LET a dhéanamh de phlean athchóirithe SET, spreagfar príomhthionscnaimh nua a sheoladh agus a nochtadh agus T&N glanfhuinnimh a nascadh ar bhealach níos fearr leis an bpeirspictíocht T&N níos leithne. Mar shampla, leagadh amach i measc ghníomhaíochtaí i Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh go n-ullmhófaí clár oibre straitéiseach comhpháirteach T&N um an ngrianfhuinneamh i gcomhar leis na Ballstáit. Cuimsítear an méid seo a leanas sna gníomhaíochtaí breise a bhfuiltear ag súil leo:*

- cúig thascfhórsa thrasnaí a chur ar bun chun uirlisí a eisiúint agus moltaí a dhréachtú maidir le saincheisteanna trasearnálacha ar fud phlean SET;
- sruth oibre a chruthú maidir le hidrigin chun 'treoirthionscadal LET maidir le Hidrigin Ghlas' a chur chun feidhme;

- tosaíochtaí T&N a ailíniú idir na Ballstáit agus an tAontas, agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha trasteorann na n-ionad taighde, na n-ollscoileanna agus na dtionscal á gcothú ag an am céanna.

**Na torthaí a bhfuil coinne leo**

- Gach Clár Oibre Straitéiseach Taighde & Nuálaíochta a bhaineann go sonrach leis an bhfearann/teicneolaíocht agus na pleananna cur chun feidhme a ailíniú le tosaíochtaí nua an Aontais agus le forbairt na bPleananna Cur Chun Feidhme;

- moltaí beartais chun na réimsí seo a leanas a áireamh ar bhealach níos fearr i gcreat T&N fuinnimh phlean SET: ciorclaíocht agus ionadú ábhar; T&N le haghaidh riachtanais shochaíocha; digiteáil; scileanna; glacadh sa mhargadh;

- faireachán feabhsaithe ar dhul chun cinn, trí chóras faisnéise phlean SET.

## 9. FEABHAS A CHUR AR AN NASC IDIR T&N AGUS AN T-ARDOIDEACHAS LAISTIGH DE LET AGUS LEAS IOMLÁN A BHAINT AS ÉICEACHÓRAIS T&N NA hEORPA

**Cuspóirí**

- Comhleanúnachas níos fearr a bhaint amach idir straitéisí, beartais, cláir agus cistiú le haghaidh T&N agus ardoideachais. Comhar agus idirphlé níos dlúithe idir an dá réimse sin ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal institiúideach;

- córais réigiúnacha T&N níos láidre agus níos nasctha a bhaint amach agus an deighilt nuálaíochta san Eoraip a laghdú;

- feabhas a chur ar eolas, ar tháscairí agus ar uirlisí chun straitéisí cuimsitheacha trasearnála a chur chun feidhme, agus an nuálaíocht a ailíniú le spriocanna sochaíocha níos leithne;

- leibhéal níos airde feasachta agus comhlántacht fheabhsaithe idir taighde agus oideachas;

- ilroinnt agus deighilt réigiúnach laistigh de thírdhreach T&N na hEorpa a laghdú;
- an comhar idir eintitis acadúla, phoiblí agus phríobháideacha a neartú.

**Tuairisc**

*Is é is aidhm don bheartas struchtúrach seo malartú struchtúrtha agus dírithe a chruthú sa phobal chun cur chuige níos córasaí a chur chun cinn, lena n-áirítear ó thaobh rialachais agus tacaíochta de, agus ról a thabhairt d'ionadaithe taighde agus ardoideachais araon. Chun comhpháirtíochtaí láidre idir gníomhaithe oideachais agus gníomhaithe taighde agus nuálaíochta a bhunú, oibriú le chéile chun sásraí agus dreasachtaí nua a bhunú chun ilroinnt a laghdú agus chun an bhearna réigiúnach a dhúnadh.*

**Na torthaí a bhfuil coinne leo**

- Moltaí arna dtarraingt suas chun straitéisí a cheapadh agus a chur chun feidhme ar an leibhéal institiúideach, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach a fhorbairt;
- Na bacainní dlí atá ann faoi láthair a shainaithint ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach; na prionsabail agus na príomh-chomhpháirteanna is gá chun an creat dlíthiúil a fhorbairt chun an cúigiú saoirse a bhunú; moltaí maidir le hinstitiúidí ardoideachais Eorpacha atá ar thús cadhnaíochta in T&N ar fud an domhain a chomhdhlúthú;
- Beartais, sásraí agus dreasachtaí a shainaithint chun comhar níos láidre a chothú idir institiúidí ardoideachais agus gníomhaithe eile T&N;
- Treochlár uaillmhianta arna ghlacadh maidir le hailíniú straitéiseach LET/LEE (a bhaineann le hardoideachas).

## 10. MUINÍN SAN EOLAÍOCHT A FHEABHSÚ TRÍ RANNPHÁIRTEACHAS SAORÁNACH, TRÍ IDIRPHLÉ AGUS TRÍ CHUMARSÁID EOLAÍOCHTA

**Cuspóir**

- Borradh a chur faoi rannpháirtíocht an phobail in T&N, in eolaíocht saoránach agus i gcumarsáid eolaíochta trí threoirlínte arna bhforbairt go coitianta;
- sásraí níos éifeachtaí a fhorbairt le haghaidh rannpháirtíocht shubstaintiúil chuimsitheach an phobail in T&N;
- naisc idir an tsochaí eolaíochta a neartú ar an leibhéal náisiúnta/réigiúnach/áitiúil;
- litearthacht eolaíochta agus caipiteal eolaíochta a mhéadú trí naisc níos dlúithe idir an pobal eolaíochta agus daoine óga agus le daoine nach mbíonn baint acu leis an eolaíocht de ghnáth.

**Tuairisc**

*Cuirtear i láthair leis an mbeartas struchtúrach sin cur chuige ilghnéitheach d'fhonn muinín san eolaíocht a fheabhsú agus dá réir sin an rialachas daonlathach a fheabhsú - ag tógáil ar an méid a baineadh amach le Gníomhaíocht 14 'An Eolaíocht a Thabhairt Níos Gaire do na Saoránaigh' de chlár oibre beartais LET 2022-2024.*

**Na torthaí a bhfuil coinne leo**

- Treoirphrionsabail maidir le rannpháirtíocht chuimsitheach: cuir chuige chomhchoiteanna a fhorbairt le haghaidh rannpháirtíocht an phobail i gcumarsáid T&N agus eolaíochta;
- gníomhaíochtaí a thugann taighdeoirí agus daoine óga le chéile: bealaí nuálacha chun teagmháil éifeachtach chuimsitheach a dhéanamh le daoine óga san eolaíocht agus iad a dhéanamh rannpháirteach san eolaíocht, trí chuireadh a thabhairt do chleachtóirí dea-chleachtais náisiúnta a sholáthar agus tógáil ar an obair chun lámhleabhair agus treoirlínte a fhorbairt faoi thionscadail arna gcistiú ag an Aontas;
- eolaíocht agus saoránaigh a nascadh le chéile, gníomhaíochtaí a eagrú lena nasctar agus lena neartaítear pobail áitiúla T&N le páirtithe leasmhara agus saoránaigh éagsúla maidir le topaic na heolaíochta agus a ról sa tsochaí;

- cleachtadh foghlama frithpháirtí maidir le muinín as an eolaíocht, eolas a chomhdhlúthú agus a chomhroinnt maidir leis an gcaoi le muinín a chothú, a thomhas agus a fheabhsú trí rannpháirtíocht phoiblí;

- sásra agus scéim cistiúcháin atá ceaptha chun uas-scálú a dhéanamh ar dhea-chleachtais tionscnamh náisiúnta rannpháirteachais saoránach chuig leibhéal an Aontais.

## 11. FEABHAS A CHUR AR ROCHTAIN AN AONTAIS AR BHARR FEABHAIS

**Cuspóirí**

- Feabhas a chur ar an rochtain ar bharr feabhais ar fud an Aontais;

- rannchuidiú le dearadh agus cur chun feidhme comhleanúnach agus sineirgeach infheistíocht an Aontais in T&N ó chláir an bheartais chomhtháthaithe agus ón 10ú creatchlár le haghaidh T&N;

- naisc níos dlúithe a chruthú idir údaráis réigiúnacha agus tionscnaimh faoi na cláir T&N, agus dreasachtaí a sholáthar chun tionscnaimh náisiúnta a sheoladh a chomhlánaíonn na tionscnaimh sin ar leibhéal an Aontais.

**Tuairisc**

*Tá bacainní leanúnacha ann ar fheabhas a chur ar* rochtain *ar bharr feabhais ar fud LET agus ar shineirgí níos láidre a fhorbairt idir an beartas* comhtháthaithe, cláir náisiúnta agus réigiúnacha, *agus Fís Eorpach*. *Téann an beartas struchtúrach i ngleic leis na bacainní sin trí chomhar a neartú idir na comhlachtaí lena mbaineann agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus Fís Eorpach á mbainistiú acu ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais*.

- Leanúint d'obair fhoghrúpa 'RIMA' faoi Fhóram LET, chun údaráis nuálaíochta T&N agus údaráis bhainistíochta na gclár beartais comhtháthaithe a thabhairt le chéile chun comhroinnt faisnéise maidir le torthaí agus cleachtais ó thionscnaimh an Aontais a éascú.

**Na torthaí a bhfuil coinne leo**

- Moltaí dréachtaithe maidir le feabhas a chur ar an rochtain ar bharr feabhais agus comhleanúnachas agus sineirgí a áirithiú idir cláir;
- tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme na moltaí ó shuirbhé chéim 1 RIMA faoin gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair (e.g., cumarsáid, fothú acmhainneachta, pleanáil fhadtéarmach, inrochtaineacht sonraí agus cur chuige sonraíbhunaithe, rialacha cur chun feidhme, agus samhlacha comhordúcháin idir an dá phobal);
- comhairle maidir le sineirgí níos láidre a fhorbairt sa todhchaí idir an Beartas Comhtháthaithe, go háirithe maidir le speisialtóireacht chliste agus sineirgí á n-úsáid ag an am céanna le gníomhaíochtaí arna gcistiú faoin gcuid 'Fairsingiú' den chlár, agus faoin gclár réime;
- malartuithe dea-chleachtas chun rochtain ar bharr feabhais a fheabhsú, go háirithe beartais, gníomhaíochtaí agus ionstraimí náisiúnta lena n-éascaítear rochtain ar líonraí eolaíocha agus nuálaíochta, agus moltaí beartais, go háirithe le haghaidh comhar ó Bhallstát go chéile.

***Gníomhaíochtaí LET***

**12. COTHROMAS SAN EOLAÍOCHT OSCAILTE A CHUR I BHFEIDHM**

**Cuspóirí**

- Bacainní agus dúshláin a shainaithint maidir le cothromas i gcleachtadh na heolaíochta oscailte agus bealaí chun cinn a mholadh le haghaidh freagairtí beartais;
- samhlacha foilsitheoireachta léinn rochtana oscailte neamhbhrabúis a leathnú a bhfuil glacadh agus aitheantas leathan acu ar fud disciplíní, lena n-áirítear i measúnú taighde;

- acmhainneachtaí a fhorbairt ó thaobh scileanna eolaíochta oscailte agus rochtain chothrom ar bhonneagair eolaíochta oscailte do phobal taighde LET;
- cuir chuige bheartais an Aontais a fhorbairt chun conairí a shainaithint le haghaidh cothromas níos fearr i gcleachtais agus i mbonneagair Eolaíochta Oscailte.

**Tuairisc**

*Chun an eolaíocht oscailte a chur chun feidhme, tá gá le tacaíocht láidir beartais agus infheistíocht shuntasach in acmhainní, go háirithe i mbonneagair (agus rochtain orthu), comhordú, ullmhacht theicneolaíoch, eolaíocht oscailte agus scileanna digiteacha, agus dreasachtaí éifeachtacha agus córais éifeachtacha aitheantais agus dámhachtana a chruthú do thaighdeoirí. Tá difríochtaí móra eatarthu seo i measc tíortha agus eagraíochtaí Eorpacha — ach ar fud an domhain freisin — agus cruthaíonn siad riachtanas foriomlán le haghaidh cur chuige níos cothroime sa LET.*

- Scrúdú ar thaithí náisiúnta agus ar chreataí beartais i ndáil le rochtain, cumhdach agus dearadh bonneagar don eolaíocht oscailte, beartais foilsitheoireachta léinn agus acmhainneachtaí eolaíochta oscailte taighdeoirí;
- cleachtadh foghlama frithpháirtí maidir le cothromas san eolaíocht oscailte a sheoladh in 2025/2026;
- scaipeadh scileanna agus oiliúint a chur chun cinn chun dul i ngleic le héagothroime i gcleachtadh na heolaíochta oscailte;
- ceardlanna a reáchtáil do na Ballstáit agus d'údaráis phoiblí na dtíortha comhlachaithe chun moltaí a shainaithint d'institiúidí agus do lucht ceaptha beartas — agus chun tuarascáil a eisiúint in 2027.

**Na torthaí a bhfuil coinne leo**

- Athbhreithniú ar dhúshláin chothromais san eolaíocht oscailte ar fud thíortha LET (lena léirítear an éagsúlacht atá ann cheana ó thaobh creataí, acmhainneachtaí, cistiú srl.);
- tacaíocht bheartais agus chistiúcháin chun seirbhísí foilsitheoireachta léinn rochtana oscailte neamhbhrabúis ar ardchaighdeán a oibriú ar fud LET;

- uirlisí comhroinnte, modhanna agus seirbhísí oiliúna a fhorbairt agus a scaipeadh chun borradh a chur faoin acmhainneacht ó thaobh scileanna eolaíochta oscailte de; i gcomhar le páirtithe leasmhara;
- moltaí chun cur chuige beartais AE a fhorbairt maidir le cothromas san eolaíocht oscailte ina chleachtais éagsúla.

## 13. ÉICEACHÓRAS NA HEOLAÍOCHTA EORPAÍ LE HAGHAIDH BEARTAIS (EE-B) A CHUR CHUN CINN

**Cuspóirí**

Tá trí chuspóir chomhghlasála ag an ngníomhaíocht seo:

- Eolaíocht le haghaidh Beartais' a fhorbairt a thuilleadh agus feabhas a chur ar chomhtháthú trasnaí an eolais i mbeartais phoiblí;
- éiceachóras Eorpach EE-B a chur chun cinn agus a neartú ar fud na gcineálacha cur chuige, na n-earnálacha agus na leibhéal rialachais uile;
- comhar a chur chun cinn i measc líonraí gníomhaithe ábhartha agus sainaithint agus malartú dea-chleachtas agus foghlama frithpháirtí a chothú.

**Tuairisc**

*Chun tacú le comhéadain idir eolaíocht agus beartas ar fud na hEorpa agus chun dul i ngleic leis an ilroinnt in éiceachórais EE-B, bainfear amach dhá phríomh-gharsprioc:*

- líonra comhordaitheoirí'eolaíochta náisiúnta le haghaidh beartais', lena dtugtar le chéile oifigigh atá ag obair i riaracháin EE-B agus in institiúidí beartais náisiúnta T&N ar fud na hEorpa agus é mar aidhm iarrachtaí a chomhordú chun cineálacha cur chuige EE-B a phríomhshruthú ina riaracháin ar gach leibhéal rialachais agus foghlaim fhrithpháirteach a chothú ar fud tíortha;
- pobal cleachtais EE-B a bhfuil sé mar chuspóir aige naisc láidre uile-Eorpacha agus idirnáisiúnta agus idirghníomhaíochtaí níos fearr, foghlaim fhrithpháirteach agus comhoibriú líonraí agus gníomhaithe EE-B a chothú.

**Na torthaí a bhfuil coinne leo**

- Idirphlé rialta idir an líonra, an pobal cleachtais, agus páirtithe leasmhara eile chun iniúchadh a dhéanamh ar conas na dálaí is gá a chruthú chun rannpháirtíocht éifeachtach idir taighde agus beartas a chumasú;
- cothaítear piarfhoghlaim, neartaítear scileanna agus inniúlachtaí agus cumasaítear comhar maidir le EE-B thar earnálacha agus leibhéil rialachais éagsúla;
- cruthaítear faireachlann ar thírdhreach Eorpach EE-B agus ar a chleachtais, ina dtiomsaítear tosca ratha agus dúshláin chomhchoiteanna a bhaineann le bheith ag feidhmiú ag an gcomhéadan idir eolaíocht agus beartas.

## 14. ÚSÁID FHREAGRACH NA HINTLEACHTA SAORGA SAN EOLAÍOCHT SAN AONTAS A ÉASCÚ AGUS DLÚS A CHUR LÉI

**Cuspóirí**

Bearta beartais a dhearadh, tacú leo, iad a ailíniú agus a chomhordú chun dlús a chur le glacadh freagrach na hintleachta saorga san eolaíocht agus sa taighde Eorpach agus chun an glacadh sin a éascú, rud a mbeidh an méid seo a leanas dá thoradh:

- beartais ailínithe maidir leis an intleacht shaorga san Eolaíocht, lena n-áirítear sainaithint chomhchoiteann réimsí tosaíochta;
- saineolas agus comhroinnt acmhainní níos fearr ar fud tíortha;
- bunús don chomhar agus don rannpháirtíocht a bheidh ann amach anseo, chun dea-chleachtais a chomhroinnt, agus chun níos mó comhpháirtithe atá ar aon intinn a mhealladh;
- comhoibriú agus rannpháirtíocht níos dlúithe le páirtithe leasmhara, líonraí a bhunú, agus pobal a thógáil.

**Tuairisc**

Díreofar leis an ngníomhaíocht ar thrí phríomhthopaic a eascraíonn as tosaíochtaí polaitiúla an Choimisiúin nua:

- straitéis le haghaidh na hintleachta saorga san eolaíocht;
- Comhairle Eorpach um thaighde i réimse na hintleachta saorga a bhunú;
- Comhaontú maidir le fócas cistiúcháin don intleacht shaorga san eolaíocht.

Déanfar na hábhair sin a phlé agus a fhorbairt i bhfoirm cruinnithe rialta, ceardlanna fothaithe acmhainneachta ina gcuirfear fianaise agus forbairtí beartais i láthair, chomh maith le ceardlanna praiticiúla chun oibriú le chéile ar ailíniú beartais, treoirlínte agus cláir oibre chistiúcháin.

**Na torthaí a bhfuil coinne leo**

- Treoirlínte maireachtála LET maidir le húsáid na hintleachta saorga giniúnaí sa taighde a thabhairt cothrom le dáta, a chur chun cinn agus a scaipeadh (go bliantúil ar a laghad in 2025, 2026 agus 2027);
- treochlár comhpháirteach maidir leis an intleacht shaorga san eolaíocht (2025);
- clár oibre cistiúcháin straitéiseach comhaontaithe leis na Ballstáit agus b'fhéidir le maoinitheoirí Eorpacha freisin (2026);
- tionscadail chomhpháirteacha má mheasann rannpháirtithe go bhfuil siad indéanta/úsáideach (2026-2027);
- plean comhaontaithe le haghaidh comhoibriú leanúnach agus forbairt beartais (2027).

## 15. SLÁNDÁIL TAIGHDE A FHEABHSÚ

**Cuspóir**

- Feabhas a chur ar shlándáil taighde san Aontas chun timpeallacht acadúil láidir oscailte a choinneáil, agus an Moladh ón gComhairle maidir le slándáil taighde á ghlacadh mar bhonn;
- spás comhair a sholáthar do lucht ceaptha beartas chun taithí a chomhroinnt agus cur chuige náisiúnta a chur chun feidhme agus a fhorbairt chun rioscaí a mhaolú, agus saoirse acadúil agus neamhspleáchas institiúideach á n-urramú ag an am céanna;
- earnáil T&N na hEorpa a chumhachtú chun na deiseanna a bharrfheabhsú agus chun na rioscaí a bhaineann le comhar idirnáisiúnta a mhaolú agus chun comhar idirnáisiúnta a choinneáil oscailte agus sábháilte.

**Tuairisc**

*I bhfianaise an tsreafa eolais ar fud LET agus na nasc láidir idirnáisiúnta in earnáil T&N, ní féidir dul i ngleic leis an tslándáil taighde trí iarrachtaí náisiúnta amháin. Soláthróidh iarrachtaí comhordaithe náisiúnta agus iarrachtaí comhordaithe an Aontais creat chun dea-chleachtais a chomhroinnt agus comhsheasmhacht a áirithiú. Sa chéad bhliain, beidh na Ballstáit in ann measúnú a dhéanamh ar a staid mar atá agus na chéad chéimeanna eile a phleanáil chun cabhrú le chéile bunleibhéal slándála taighde a bhaint amach.*

**Na torthaí a bhfuil coinne leo**

Leis an ngníomhaíocht, cuirfear chun feidhme creat an Mholta ón gComhairle maidir le slándáil taighde[8] ar an mbealach seo a leanas:

- oibriú i dtreo spás comhair Eorpach maidir le slándáil taighde trí chomhar struchtúrach i measc shaineolaithe na mBallstát, cisteoirí taighde agus eagraíochtaí páirtithe leasmhara taighde agus nuálaíochta ar leibhéal an Aontais chomh maith le féachaint ar roghanna le haghaidh tacaíocht níos struchtúrtha i ndáil leis sin a fhiosrú agus a mheas, mar shampla, trí lárionad Eorpach saineolais um shlándáil taighde, agus na struchtúir atá ann cheana á gcur san áireamh agus é a nascadh leis an ardán ilfhreastail;

---

8 *Moladh ón gComhairle an 23 Bealtaine 2024 maidir le slándáil taighde a fheabhsú, IO C, C/2024/3510, 30.5.2024.*

- lucht ceaptha beartas, saineolaithe agus cleachtóirí a thionól maidir le téama na slándála taighde ag Comhdháil Shuaitheanta Eorpach dhébhliantúil maidir leis an tSlándáil Taighde (2025, 2027);
- bearta agus tionscnaimh slándála taighde ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a mhapáil, faireachán agus anailís a dhéanamh orthu, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh trí Mhonatóir Slándála Taighde débhliantúil (2025, 2027);
- tacú le comhroinnt faisnéise, piarfhoghlaim agus fothú acmhainneachta, go háirithe chun cineálacha cur chuige náisiúnta a fhorbairt i leith na slándála taighde;
- treoir agus uirlisí a fhorbairt le haghaidh coimircí i gcláir chistiúcháin taighde ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus le haghaidh próisis bainistithe riosca agus díchill chuí in eagraíochtaí a dhéanann taighde (i.e: Ardán ilfhreastail maidir le dul i ngleic le trasnaíocht eachtrach in T&N);
- comhar níos dlúithe le comhpháirtithe idirnáisiúnta maidir le cuir chuige agus bearta slándála taighde.

*I bhfianaise íogaireacht an ábhair, a bhaineann go minic le faisnéis íogair nó rúnaicmithe, beidh rannpháirteachas teoranta go ginearálta do shaineolaithe na mBallstát.*

## 16. DLÚS A CHUR LE HINFHEISTÍOCHTAÍ T&N LE HAGHAIDH CHLAOCHLÚ TIONSCLAÍOCH AGUS INBHUANAITHEACHT IOMAÍOCH NA HEORPA

**Cuspóir**

- Tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais thionsclaíocha maidir le torthaí agus infheistíochtaí T&N, lena gcuirfear ar chumas lucht ceaptha beartas agus gníomhaireachtaí cistiúcháin uirlisí spriocdhírithe a dhearadh agus a chur chun feidhme chun infheistíochtaí T&N a shlógadh;
- sineirgí i gcistiú T&N a mhéadú, go háirithe de réir tionscail, le haghaidh aistriú teicneolaíochta, taispeántóirí, uas-scálú, bailíochtú agus bonneagair teicneolaíochta;
- an bealach i dtreo imlonnú agus úsáid ardteicneolaíochtaí in earnáil na tionsclaíochta a éascú, agus béim á leagan ar an inbhuanaitheacht agus ar leas na sochaí.

**Tuairisc**

*Chun infheistíochtaí T&N a luathú, tá gá le cur chuige córasach chun bonn eolais a chur faoin gclár oibre T&N agus é a mhúnlú de réir riachtanais thionsclaíocha agus creat oibríochtúil cuimsitheach ionas go n-aistreofaítorthaí T&N go héifeachtach go feidhmeanna tionsclaíocha.*

- Uirlisí reatha a chomhtháthú ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta agus réigiúnach, dea-chleachtais a thaispeáint agus iad á gcur i bhfeidhm, malartú taithí a éascú agus deiseanna a thabhairt do na Ballstáit agus do na réigiúin dea-chleachtais a chomhroinnt, agus eolas nua a chur ar fáil;

- An cur chuige Eorpach atá dírithe ar an éileamh i leith bonneagair theicneolaíochta a chur chun feidhme, lena n-áirítear gníomhaíochtaí píolótacha agus scéimeanna cistiúcháin a d'fhéadfadh a bheith ann, mar chuid den obair reatha ar bhonneagair thaighde agus theicneolaíochta;

- an cur chuige bosca uirlisí beartais a fhorbairt, a thástáil agus a chur chun feidhme chun dlús a chur le dícharbónú na dtionscal dianfhuinnimh agus chun an geilleagar ciorclach a chur chun cinn, lena n-áiritheofar rannchuidiú phobal phlean SET.

**Na torthaí a bhfuil coinne leo**

- Mapáil na n-uirlisí beartais a thacaíonn le T&N tionsclaíoch;

- rannchuidiú leis an mbeartas Eorpach maidir le Bonneagair Thaighde agus Theicneolaíochta lena n-áirítear gníomhaíochtaí a mbaineann tionscail úsáid astu dá mbarr, bunaithe ar éileamh, go háirithe FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis;

- eolas agus saineolas a fhorbairt agus a mhalartú i dtreochlárú náisiúnta na teicneolaíochta tionsclaíche chun tionscail dianfhuinnimh a dhícharbónú;

- rannchuidiú le hardán faireacháin Eorpach le haghaidh teicneolaíochtaí agus taispeántóirí tionsclaíocha (an Lárionad Nuálaíochta Eorpach um Chlaochlú Tionsclaíoch agus Astaíochtaí — INCITE).

## 17. DLÚS A CHUR LE MODHEOLAÍOCHTAÍ CUR CHUIGE NUA (MCCNANNA) CHUN TAIGHDE AGUS TÁSTÁIL BHITHLEIGHIS AR THÁIRGÍ ÍOCSHLÁINTE AGUS AR GHAIRIS LEIGHIS A CHUR CHUN CINN.

**Cuspóir**

Is é is aidhm don ghníomhaíocht dlús a chur, trí chur chuige ailínithe agus comhordaithe ar fud na mBallstát, agus, i gcás inarb iomchuí, na dtíortha comhlachaithe, le forbairt, bailíochtú/cáilíocht, inghlacthacht, agus glacadh modheolaíochtaí cur chuige nua i dtaighde bithleighis agus i dtástáil rialála ar tháirgí íocshláinte agus ar ghairis leighis.

**Tuairisc**

**Cé go bhfuil na Ballstáit faoi cheangal ag Treoir 2010/63/AE ina n-iarrtar nósanna imeachta nua a chur in ionad nósanna imeachta ainmhithe** *sa taighde, san oideachas agus sa tástáil rialála a luaithe a bheidh cuir chuige mhalartacha bhailí ar fáil, níl aon sásra comhordúcháin ann chun forbairt agus bailíochtú modheolaíochtaí cur chuige nua a áirithiú. Beidh na gníomhaithe uile rannpháirteach go gníomhach i ngníomhaíocht LET trí chomhordú uile-Aontais a chur ar bun, ina mbeidh aireachtaí ábhartha, gníomhaireachtaí rialála, eagraíochtaí maoinithe taighde, an saol acadúil, tionscal na cógaisíochta agus na teicneolaíochta leighis, eagraíochtaí taighde ar conradh, fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), agus gnólachtaí nuathionscanta, chun beartais náisiúnta agus réigiúnacha a ailíniú chun dlús a chur le forbairt, bailíochtú, inghlacthacht agus glacadh modheolaíochtaí cur chuige nua. Tacóidh ceithre mheitheal leis an ngníomhaíocht sin a mbeidh na téamaí seo a leanas acu:*

(1) forbairt modheolaíochtaí cur chuige nua agus bonneagar comhchoiteann Eorpach, (2) bailíochtú/cáilíocht, inghlacthacht, agus glacadh modheolaíochtaí cur chuige nua, (3) oideachas agus oiliúint, (4) oscailteacht agus feasacht.

**Na torthaí a bhfuil coinne leo**

- Clár oibre forbartha agus bonneagair modheolaíochta cur chuige nua lena sainaithnítear na háiteanna is mó a bhfuil gá le modheolaíochtaí cur chuige nua agus a meastar go mbeidh an tionchar gearrthéarmach go meántéarmach is airde acu (R4 2027);
- Sainaithníonn na Ballstáit agus páirtithe leasmhara gníomhaíochtaí a bhféadfaidís tacú leo go comhpháirteach le modheolaíochtaí cur chuige nua agus bonneagair ghaolmhara a fhorbairt (R1 2028);
- Straitéis inghlacthachta agus glactha modheolaíochta cur chuige nua lena sainaithnítear critéir chun modheolaíochtaí cur chuige nua a úsáid (R3 2027);

- Na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara ag tacú go comhpháirteach le bailíochtú agus cáiliú tacair theoranta de mhodheolaíochtaí cur chuige nua atá ceaptha lena nglacadh agus lena gcur chun feidhme i dtástáil rialála ar tháirgí íocshláinte agus ar ghairis leighis (R4 2027-R3 2028);
- Plean oideachais agus oiliúna modheolaíochta cur chuige nua (R1 2027) agus cláir chomhpháirteacha oideachais agus oiliúna (R2 2027-R2 2028);
- Clár comhchuibhithe oscailteachta agus feasachta le haghaidh modheolaíochtaí cur chuige nua lena bhfeabhsaítear rochtain oscailte ar phrótacail modheolaíochtaí cur chuige nua agus torthaí turgnamh ar ainmhithe. Cuirfidh an clár treoir ar fáil do chomhaltaí an choiste eitice, d'athbhreithneoirí agus do rialtóirí, bunaithe ar dhea-chleachtais sna Ballstáit rannpháirteacha. Moltar ann gníomhaíochtaí coincréiteacha chun muinín rialtóirí sna modheolaíochtaí cur chuige nua a mhéadú, lena n-áirítear tuiscint níos fearr ar acmhainneacht agus ar theorainneacha modheolaíochtaí cur chuige nua (R2 2028);
- Mórchomhdháil amháin ar a laghad chun feasacht na sochaí sibhialta agus na n-othar a mhúscailt maidir le taighde bithleighis, próiseas fionnachtana agus forbartha drugaí (R3 2028).

## 18. CREAT COMHLEANÚNACH AGUS COMHORDAITHE LE HAGHAIDH CUR CHUIGE EORPACH I LEITH SLÁINE AGUS EITIC IN T&N A FHORBAIRT I BHFIANAISE NA NDÚSHLÁN ATÁ AG TEACHT CHUN CINN

**Cuspóirí**

- Pobal malartuithe a chruthú chun an plé a éascú maidir le cur chuige nua i leith na heitice agus na sláine sa taighde atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus lena n-éascófar nuálaíocht agus lena dtacófar le barr feabhais, agus simpliú agus an cur chuige maidir le heitic trí dhearadh á n-urramú;
- comhordú gníomhaíochtaí chun eitic agus sláine a fheabhsú, sáruithe a chosc, agus aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar threoirlínte eiticiúla atá ann cheana a chur chun feidhme;
- gréasán Eorpach a fhorbairt de réir a chéile chun creat a bhunú don tsláine taighde agus don eitic, lena n-áirítear treochlár gníomhaíochtaí agus táscairí feidhmíochta, agus na líonraí agus na struchtúir atá ann cheana á gcur san áireamh;
- fís a chruthú d'éiceachóras comhairle agus tacaíochta eitice bunaithe ar mhuinín, lena gcuirfear ar chumas na heolaíochta agus an taighde nuálaíocht fhreagrach atá ailínithe le leasanna na sochaí a spreagadh.

**Tuairisc**

*Is é is aidhm don ghníomhaíocht seo dúshláin atá ag teacht chun cinn a réamh-mheas, a chosc, a ghleic agus iad a mhaolú agus sláine taighde i réimsí criticiúla teicneolaíochta a chosaint i bhfianaise an nuashonraithe a rinneadh le déanaí ar an gCód Iompair Eorpach maidir leis an tSláine Taighde agus ar an Moladh ón gCoimisiún maidir le réimsí criticiúla teicneolaíochta do shlándáil eacnamaíoch an Aontais.*

- Cur chuige comhbheartaithe a ghlacadh i leith ionracais agus eitice chun freagairt na hearnála ar an dúshlán sin agus ar dhúshláin eile atá ag teacht chun cinn a éascú;
- raon leathan uirlisí a sholáthar chun dúshláin shuaiteacha nua don tsláine taighde a thuar, a chosc, a bhainistiú agus a mhaolú;
- cur chuige Eorpach atá oibríochtúil, comhleanúnach agus inbhuanaithe i ndáiríre a fhorbairt chun tacú le taighdeoirí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin eiticiúla.

**Na torthaí a bhfuil coinne leo**

- Struchtúr comhordúcháin a fhorbairt (i bhfoirm ardán Eorpach) lena dtabharfar le chéile na líonraí Eorpacha atá ann cheana maidir le heitic agus sláine taighde;
- treochlár mionsonraithe gníomhaíochtaí agus táscairí feidhmíochta;
- treoirlínte praiticiúla, boscaí uirlisí oibríochtúla, agus nósanna imeachta oibríochta caighdeánacha;
- cur chuige maidir le gníomhaíochtaí oiliúna comhpháirteacha ar bhonn píolótach.

**19. T&N A CHUMHACHTÚ: RÉ NUA I MBAINISTÍOCHT TAIGHDE**

**Cuspóir**

- Aitheantas níos fearr a bhaint amach do ghairm an bhainisteora taighde chomh maith le conairí gairme tarraingteacha agus níos soiléire do bhainisteoirí taighde;
- rochtain leathan agus éasca ar ábhar oideachais agus gníomhaíochtaí/uirlisí uas-scilithe bainisteoirí taighde a áirithiú, lena n-áirítear bainisteoirí taighde luathghairme, lena n-áirítear treoir maidir le huirlisí intleachta saorga;

- scéim aitheanta foghlama agus forbartha scileanna a chruthú ar fud na hEorpa do Bhainisteoirí Taighde ina mbeidh comhchodanna den phiarfhoghlaim agus den tsoghluaisteacht lena n-áiritheofar comhtháthú thosaíochtaí agus luachanna LET, e.g., eitic agus sláine taighde, eolaíocht oscailte agus comhionannas inscne;

- feabhas a chur ar líonrú le bainisteoirí taighde ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach as a dtiocfaidh feasacht níos fearr ar scéimeanna forbartha gairmiúla, ar chonairí gairme agus ar na deiseanna oiliúna atá ar fáil.

**Tuairisc**

*De réir mar a théann próisis taighde i ndéine agus de réir mar a théann na hionchais maidir le tionchar sochaíoch a ghiniúint i méid, is den ríthábhacht é an tacaíocht speisialaithe ó bhainisteoirí taighde. Leis an tionscnamh seo, féachtar le gairm na bainistíochta taighde a neartú, gairm nach dtugtar aitheantas ceart di fós in LET, agus cuirtear tacaíocht ar fáil dá forbairt straitéiseach. Leagtar béim ann ar an ngá atá le tacaíocht chomhordaithe beartais ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun gairmithe oilte, ionchais ghairme níos fearr, dálaí oibre feabhsaithe, comhionannas inscne, oiliúint agus soghluaisteacht a chruthú.*

**Na torthaí a bhfuil coinne leo**

- Creat gairmeacha agus inniúlachta uileghabhálach agus solúbtha a sheoladh in 2025 agus a chur chun feidhme do bhainisteoirí taighde; feachtas feasachta fianaisebhunaithe a chur chun feidhme sna Ballstáit, a bhfoilseofar a thorthaí in 2026;

- Cairt Eorpach do bhainisteoirí taighde a chomhchruthú in 2026, lena gcruthófar cur chuige triantáin d’eagraíochtaí déanta taighde, d’eagraíochtaí cistithe taighde, agus d’earnáil tionsclaíochta na hEorpa, lena n-áiritheofar aitheantas ar fud na n-earnálacha; cuir chuige a dhearadh le haghaidh fothú acmhainneachta; agus anailís a dhéanamh ar ról na bainistíochta taighde i ngníomhaíochtaí roghnaithe arna gcistiú faoin gcuid leathnaithe chuig Fís Eorpach chun faireachán a dhéanamh ar an tionchar ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht fhoriomlán chóras T&N;

- Mol láraithe ar líne a sheoladh in 2027, faoi Ardán Tallainne LET atá ar na bacáin más féidir, lena gcomhthiomsaítear curaclaim reatha agus nua, ábhair oideachais, mar aon le huirlisí uas-scilithe do bhainisteoirí taighde, agus rochtain ar chláir ríthábhachtacha oiliúna agus deimhniúcháin do na gairmithe atá ann faoi láthair agus do ghairmithe ionchasacha.